Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# Éire Ildánach
# Tuarascáil Tionchair
# 2025

# Ábhair

Réamhrá 3
Cad is Éire Ildánach ann? 5
Cad atá i gceist againn le cruthaitheacht? 7
Conas a fheidhmíonn Éire Ildánach? 9
Tionchar Foriomlán 14
Pobail Ildánacha 16
Óige Ildánach 19
Sláinte agus Folláine Chruthaitheach 22
Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht 25
Tionscail Chruthaitheacha 28

Íomhá an chlúdaigh: Cailín Feamainne, Féile Bia Phort Láirge

# Réamhrá

## Pádraig Ó Donnabháin T.D.
## An tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt

Is mór an pléisiúr dom an Tuarascáil Tionchair 2025 seo a chur i láthair. Léiríonn sí an tionchar fíor agus méadaitheach atá ag Éire Ildánach ar shaol daoine ar fud na tíre. I gcroílár an chláir seo tá daoine, agus an deis a thabhairt do dhaoine aonair agus do phobail iad féin a chur in iúl, nascadh lena chéile, agus na háiteanna ina gcónaíonn siad a mhúnlú trí chruthaitheacht.

Sa bhliain 2025 amháin, infheistíodh €13 mhilliún chun tacú le breis agus 1,500 tionscadal cruthaitheach, agus ghlac níos mó ná 17,000 cleachtóir cruthaitheach páirt iontu. Taobh thiar de na figiúirí sin tá na mílte scéal pearsanta faoi phobail ag teacht le chéile, faoi dhaoine óga ag aimsiú a ngutha, agus faoi chruthaitheacht ag déanamh difríocht fhíorthábhachtach sa ghnáthshaol laethúil.

Le bliain anuas, chonaic mé go díreach an tionchar atá ag an obair seo i bpobail, i scoileanna agus i dtionscnaimh a thacaíonn le folláine agus le hionchuimsiú.

Is mór an spreagadh é líon chomh mór sin de chleachtóirí cruthaitheacha agus de chomhpháirtithe áitiúla a fheiceáil ag obair le chéile chun tionscadail a chur i gcrích atá ní hamháin samhlaíoch ach atá fréamhaithe go domhain i riachtanais agus i láidreachtaí a bpobal féin.

Leanann Éire Ildánach de léiriú conas is féidir le cruthaitheacht ról praiticiúil a bheith aici i mbeartas poiblí, ag cabhrú linn freagairt do dhúshláin ar bhealaí nua, naisc idir daoine a neartú, agus sochaí níos muiníní agus níos ionchuimsithí a chothú. Is mór agam an spiorad comhoibritheach sin, ar fud an rialtais agus ar an leibhéal áitiúil, agus leanfaidh mé de thacú leis.

Leagann an tuarascáil seo béim ar chuid den obair sin, agus tá súil agam go dtabharfaidh sí léargas duit ar an bhfuinneamh, ar an uaillmhian agus ar an gcúram atá mar bhonn agus mar thaca ag an gclár ar fud na tíre.

Is mise
An t-Aire Pádraig Ó Donnabháin



Pádraig Ó Donnabháin T.D.
An tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt

# Cad is Éire Ildánach ann?




Laochra Beo, Narrative4

# Cad is Éire Ildánach ann?

Is é misean Éire Ildánach bealaí nuálacha a aimsiú chun cumhacht a thabhairt dúinn leas a bhaint as ár gcumas cruthaitheach dúchasach agus é a fhorbairt trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha.

Is clár uile-rialtais cultúir agus folláine é Éire Ildánach, faoi stiúir na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS). Tá sé mar aidhm ag an gclár daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a chlaochlú trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha, leis an bhfís go mbeidh rochtain ag gach duine in Éirinn ar dheiseanna cruthaitheacha chun a lánacmhainn chruthaitheach a bhaint amach. Bunaíodh an clár den chéad uair in 2017 agus tá sé anois sa dara céim dá shaolré, a bheidh críochnaithe faoi dheireadh 2027.

Is é misean Éire Ildánach bealaí nuálacha a aimsiú chun cumhacht a thabhairt dúinn leas a bhaint as ár gcumas cruthaitheach dúchasach agus é a fhorbairt trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha.

Trí dhíriú ar rannpháirtíocht mar bhunús le cruthaitheacht a chumasú agus trína chinntiú go mbíonn tionscadail, a mhéid is féidir, faoi stiúir na rannpháirtithe, feidhmíonn Éire mar chatalaíoch do raon leathan agus éagsúil gníomhaíochta ar fud na hÉireann.

Cuimsíonn an obair seo na hamharcealaíona, dearadh, ceol, damhsa, ceardaíocht, litríocht, ealaín ildisciplíneach agus ealaín phoiblí, amharclannaíocht, oidhreacht, na healaíona traidisiúnta, scríbhneoireacht chruthaitheach, scannánaíocht, sorcas agus ealaín sráide, scéalaíocht, an Ghaeilge, teicneolaíochtaí digiteacha, réaltacht bhreisithe agus fhíorúil (AR/VR), beochan agus ailtireacht. Baineann an obair seo le daoine ag gach céim dá saol, agus cuirtear béim ar leith ar ghrúpaí imeallaithe agus ar dhaoine nach gcloistear a nguth go minic.

Cuid shuntasach d’obair Éire Ildánach is ea infheistíocht spriocdhírithe trí mhaoiniú deontais – €13 mhilliún a chur ar fáil chun tacú le breis agus 1,500 tionscadal in 2025. Forbraíonn an clár acmhainn freisin i measc eagraíochtaí comhpháirtíochta trí oiliúint agus líonrú, déanann sé taighde agus meastóireacht, agus oibríonn sé chun an chruthaitheacht a leabú i mbeartais rialtais ar shaincheisteanna trasghearrthacha amhail ionchuimsiú sóisialta, oideachas, sláinte, folláine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagar na todhchaí.

Leagtar amach sa Tuarascáil Tionchair seo na príomhéachtaí agus an tionchar a baineadh amach le linn 2025.

# Cad atá i gceist againn le cruthaitheacht?



Bog Bothy, Contae Uíbh Fhailí

# Cad atá i gceist againn le cruthaitheacht?

Baineann an chruthaitheacht le húsáid ár samhlaíochta chun sinn féin a chur in iúl, cuspóir agus féiniúlacht a aimsiú, seansanna a thógáil, ateacht aniar a neartú, tús nua a dhéanamh agus fiú mothú iontais, spraoi agus áthais a spreagadh, rud a chuireann ar ár gcumas luach fiúntach a chur lenár saol agus lenár bpobail.

Is cumas dúchasach daonna í an chruthaitheacht, agus is cuid bhunúsach de bheith daonna í a bheith cruthaitheach. Is meascán í de thallann nádúrtha agus de scileanna foghlamtha a chuireann ar ár gcumas sinn féin a chur in iúl trí smaointe nua agus bunaidh a aimsiú agus a chur in iúl, agus trí réitigh nuálacha a dhearadh ar fhadhbanna. Ar an mbealach seo, tá dlúthbhaint idir deiseanna a bheith cruthaitheach agus an chaoi a bhforbraímid agus a mbainimid amach ár lánacmhainn. I gcroílár na cruthaitheachta tá úsáid ár samhlaíochta chun sinn féin a chur in iúl, cuspóir agus féiniúlacht a aimsiú, rioscaí a ghlacadh, teacht aniar a neartú, tús nua a dhéanamh agus fiú mothú iontais, spraoi agus áthais a spreagadh, rud a chuireann ar ár gcumas luach fiúntach a chur lenár saol agus lenár bpobail.

Aithnítear anois go forleathan gur **scil ríthábhachtach thrasnaí í an chruthaitheacht**. Tá **fianaise shoiléir** ann gur príomhthíoscaire í rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha maidir le folláine fheabhsaithe, nasc sóisialta níos fearr agus torthaí sláinte níos fearr. Is í freisin an réamhchoinníoll riachtanach don nuálaíocht ar fud ár ngeilleagair agus na hearnála poiblí, mar a leagtar amach sna **Prionsabail agus sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh**.

Ar leibhéal na hEorpa, cuireann **Compás Cultúir don Eoraip ón gCoimisiún Eorpach** an cultúr chun cinn ar an gcaoi chéanna mar phríomhthiománaí don nuálaíocht agus don fhorbairt shochaíoch.



Traces Dance Ensemble, Tionscadal Damhsa Glór



Léiriú de chuid Amharclann Óige na hÉireann

# Conas a fheidhmíonn Éire Ildánach?

# Conas a fheidhmíonn Éire Ildánach?

**Cúig Cholún Straitéiseacha Éire Ildánach**

**Pobail Ildánacha**
Tacú le straitéisí cultúir agus cruthaitheachta atá á stiúradh go háitiúil trí údaráis áitiúla.

**Óige Ildánach**
An chruthaitheacht a leabú i gcroílár shaol leanaí agus daoine óga.

**Sláinte agus Folláine Chruthaitheach**
Cur chuige cruthaitheach maidir le sláinte agus folláine a chur chun cinn.

**Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht**
Leas a bhaint as an chruthaitheacht chun dul i ngleic le dúshláin aeráide agus inbhuanaitheachta.

**Tionscail Chruthaitheacha**
Tionscail chruthaitheacha na hÉireann a neartú.

Leagtar amach cuspóirí na gcolún i roinnt doiciméad straitéise, lena n-áirítear **Plean Óige Ildánach** 2023–2027, straitéis uile-rialtais atá dírithe ar níos mó deiseanna a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha. Tá obair an cholúin Sláinte agus Folláine dírithe ag an **bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach do na hEalaíona agus don tSláinte**, agus tá Tionscail Chruthaitheacha i gceannas ar chur i bhfeidhm an **Treochláir do Thionscail na Cruthaitheachta Digití**. Ar an leibhéal áitiúil, tá tosaíochtaí comhroinnte ag Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta na nÚdarás Áitiúil maidir le comhtháthú sóisialta, folláine agus infheistíocht i bpobail.




Neart na Machairí le Dingle Hub



Féile Pónairí Bhaile an Bhuinneánaigh

Feidhmíonn Éire Ildánach trí mhúnla seachadta comhoibríoch, ag obair i gcomhpháirt le ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí cultúrtha agus comhpháirtithe pobail chun tionscadail a mhaoiniú agus a chur i bhfeidhm ar an talamh.

### Catalaíoch don Chruthaitheacht

Feidhmíonn Éire Ildánach trí mhúnla seachadta comhoibríoch, ag obair i gcomhpháirt le ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí cultúrtha agus comhpháirtithe pobail chun tionscadail a mhaoiniú agus a chur i bhfeidhm ar an talamh. Ó cuireadh tús leis an dara céim d'Éire Ildánach in 2023, tá €39.9 milliún infheistithe ag an gclár chun a uaillmhian a chur chun cinn: daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a chlaochlú trí rannpháirtíocht chruthaitheach agus chultúrtha.
In 2025, infheistíodh €13 mhilliún i 1,548 tionscadal cruthaitheach.

### Tionscnamh Oileán Comhroinnte Éire Ildánach

Tá sé mar aidhm ag Tionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais lánacmhainneacht Chomhaontú Aoine an Chéasta a úsáid chun comhoibriú, ceangal agus comhthuiscint a fheabhsú ar an oileán agus chun dul i ngleic le gach pobal agus traidisiún chun chomhréiteach a chothú maidir le todhchaí chomhroinnte.

Ó 2023 i leith, tá **€6 mhilliún infheistithe ag tionscnamh Oileán Comhroinnte Éire Ildánach ar fud oileán na hÉireann**, agus é mar sprioc aige an chruthaitheacht a úsáid chun caidrimh idir daoine agus idir pobail a chothú, rud a d'fhéadfadh cur le fís nua d'oileán comhroinnte.

I mí na Samhna 2025, rinne Éire Ildánach ceiliúradh ar obair 47 tionscadal Oileán Comhroinnte ag comhdháil i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. D'fhreastail an Taoiseach Micheál Martin, an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Pádraig Ó Donnabháin, agus breis agus 350 aoi ar an imeacht. Áiríodh sa chomhdháil léirithe ceoil, díospóireachtaí painéil agus taispeántais a rinne iniúchadh ar eispéiris agus ar scéalta a d'eascair as an tionscnamh.



Weaving Worlds Together, Comhairle Contae Chiarraí, Comhdháil an Oileáin Chomhroinnte

## An Chruthaitheacht a Leabú i mBeartas an Rialtais

Mar thionscnamh tras-rialtais, feidhmíonn Éire Ildánach mar chatalaíoch don athrú córasach trí chultúr agus cruthaitheacht a chomhtháthú go straitéiseach i gcreataí beartais ár gcomhpháirtithe sna ranna rialtais, sna húdaráis áitiúla agus sna gníomhaireachtaí stáit. Tá an cur chuige seo ag teacht le príomhstraitéisí náisiúnta agus tacaíonn sé leo, lena n-áirítear an *Creat Éire Shláintiúil, Éire Óg, an Clár maidir le Bochtaineacht Leanaí agus Dea-Bhail Leanaí, an Creat Folláine Náisiúnta agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Náisiúnta*. Tríd sin, cuirtear ar chumas freagairtí nuálacha do dhúshláin chasta shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil.

Ba phríomhfhócas in 2025 an chruthaitheacht a leabú i gcreataí beartais ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Trí chomhoibriú lena gcomhghleacaithe i Roinn an Taoisigh (RT), sa Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC), sa Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC), sa Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ), sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF), sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), sa Roinn Sláinte (RS), agus sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO), chuir Éire Ildánach le forbairt straitéisí i réimsí beartais a bhaineann le leanaí agus daoine óga, sláinte agus folláine, rialtas áitiúil agus pobail, gníomhú ar son na haeráide agus tionscail chruthaitheacha.

Trí Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta na nÚdarás Áitiúil, lean Éire Ildánach de neartú a príomhchomhpháirtíochta leis an rialtas áitiúil agus le Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach. Leanann tionscadail a fhaigheann maoiniú ó Éirinn Ildánach de bheith ag teacht le Pleananna Forbartha agus le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail agus de bheith ag tacú leo, lena n-áirítear *Éire Aoisbháúil, Pobail Shláintiúla, Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail agus an tionscnamh Lár Bailte ar dTús.*

**Réimsí Beartais**

- Leanaí agus daoine óga
- Sláinte agus folláine
- Rialtas áitiúil agus pobail
- Gníomhú ar son na hAeráide
- Tionscail chruthaitheacha

**Rialtas Ranna**

- Roinn an Taoisigh
- An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais
- An Roinn Aeráide Fuinnimh agus Comhshaoil
- An Roinn Oideachais agus Óige
- An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt

**Gníomhaireachtaí Stáit agus Comhpháirtithe**

- Skillnet Ireland
- Fís Éireann
- Údarás na Gaeltachta
- Fiontraíocht Éireann
- Comhairle Dhearaidh agus Cheardaíochta na hÉireann
- FSS
- An Chomhairle Ealaíon
- Éire Shláintiúil
- Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
- Údaráis Áitiúla
- Coimisiún na Meán

### Taighde agus Meastóireacht

In 2025, thacaigh Éire Ildánach le taighde, monatóireacht agus meastóireacht spriocdhírithe i réimsí na hóige, gníomhú ar son na haeráide, sláinte agus aosú, agus pobail, lena n-áirítear i gcomhthéacs Oileáin Comhroinnte. Leanann an obair seo de chuntasacht a neartú, de threoir a thabhairt do chinntí infheistíochta amach anseo, de thacú le cur chuige comhsheasmhach meastóireachta ar fud comhpháirtithe, agus de chur leis an tuiscint bheartais níos leithne ar an ról atá ag an gcruthaitheacht maidir le dul i ngleic le dúshláin chomhroinnte sochaíocha.

Leagtar amach i dtuarascáil eatramhach 2025 na chéad torthaí ó mheastóireacht ar leibhéal an chláir ar Thionscnamh Oileán Comhroinnte Éire Ildánach. Clúdaíonn an mheastóireacht seo 22 tionscadal agus tugann sí léargais luatha ar thionchar na dtionscnamh cruthaitheach comhoibríoch seo. Áireofar sa tuarascáil deiridh in 2026 torthaí mionsonraithe nuair a bheidh gach tionscadal curtha i gcrích agus na meastóireachtaí uile críochnaithe.

I measc na hoibre meastóireachta eile tá críochnú meastóireachta chuimsithí cúig bliana ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar thionchar mhaoiniú Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide; seoladh comhpháirtíochta taighde nua dhá bhliain leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) don chlár Óige Ildánach, a cuireadh tús leis in 2025; agus athnuachan na comhpháirtíochta taighde leis an Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú (TILDA) maidir le rannpháirtíocht chultúrtha agus aosú ar feadh tréimhse dhá bhliain eile.

Ina theannta sin, rinneadh suirbhé ar gach údarás áitiúil agus glacadh páirt i gcruinnithe duine le duine leo mar chuid den mheastóireacht leanúnach ar an gclár Pobail Ildánacha.

### Forbairt Acmhainne

Feidhmíonn Éire Ildánach trí mhúnla seachadta comhoibríoch, ag obair i gcomhpháirt le ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí cultúrtha agus comhpháirtithe pobail chun tionscadail a mhaoiniú agus a chur i bhfeidhm ar an talamh. Gné ríthábhachtach de mhúnla Éire Ildánach is ea acmhainn a fhorbairt i measc pobal agus cleachtóirí chun a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach agus inbhuanaithe as maoiniú. In 2025, reáchtáil Éire Ildánach 26 imeacht líonraithe agus forbartha acmhainne chun cumas a neartú ar fud a cholún straitéiseach.



An tAire Pádraig Ó Donnabháin agus an Taoiseach Micheál Martin, Comhdháil an Oileáin Chomhroinnte




Comhairle Dídeanaithe na hÉireann, Comhdháil Chiste um Chothú Óige Ildánach




The Time Machine, Sráid na Cathrach

# Tionchar Foriomlán

# Tionchar Foriomlán

## €13m
infheistithe

Infheistíodh €13 mhilliún in 2025 chun gníomhaíocht chruthaitheach agus rannpháirtíocht chruthaitheach a chur chun cinn ar fud na tíre.

## 5
cholún

Dáileadh infheistíocht ar chúig cholún an chláir: Pobail, Óige, Sláinte agus Folláine, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, Tionscail Chruthaitheacha.

## 1,584
tionscadal cruthaitheach

Tacaíodh le 1,584 tionscadal cruthaitheach trí mhaoiniú an chláir.

## 2,174
cleachtóir cruthaitheach

Chuir Cruinniú na nÓg, gealltanas lárnach de chuid *Phlean Óige Ildánach*, breis agus 1,100 imeacht ar fáil ar fud na hÉireann, lena n-áirítear ar bhonn Oileáin Chomhroinnte, agus ghlac 2,174 cleachtóir cruthaitheach páirt iontu.

## 26
imeacht

Reáchtáladh 26 imeacht líonraithe agus forbartha acmhainne ar fud na gcúig cholún straitéiseacha, lena n-áirítear:

- Comhdháil an Oileáin Chomhroinnte, *Cruthaitheacht mar Cheangal idir Daoine*, le breis agus 350 rannpháirtí, lena n-áirítear an Taoiseach agus an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
- Dhá chruinniú líonra um Shláinte agus Folláine chun comhoibriú a neartú agus dea-chleachtas a roinnt idir Éire Shláintiúil agus Éire Ildánach
- Imeacht ceiliúrtha don Chiste Cothaithe 2023–2025 sa Cheoláras Náisiúnta
- Cruinniú líonra Pobail a thug údaráis áitiúla le chéile, ag éascú foghlaim chomhroinnte agus torthaí níos fearr trí rannpháirtíocht chruthaitheach




# Pobail Ildánacha

Turas – Ceardlann Edwina Guckian

# *Pobail Ildánacha*

**Éire Ildánach i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach**

## In 2025, tacaíodh le 1,495 tionscadal trí mhaoiniú de €7.8 milliún, chomh maith le 1,184 imeacht de chuid Chruinniú na nÓg a tionóladh Dé Sathairn, an 7 Meitheamh. Thacaigh an infheistíocht seo le 17,424 cleachtóir cruthaitheach ar fud oileán na hÉireann.

Is comhpháirtíocht beartais agus cur chun feidhme í Pobail Ildánacha idir an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS) agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO). Is gealltanas maoinithe cúig bliana é leis na húdaráis áitiúla, a bhfuil neamhspleáchas suntasach acu maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear an infheistíocht go háitiúil. Cuireann an tsolúbthacht seo ar chumas cur chuige samhlaíoch, áitbhunaithe agus fadtéarmach i leith na forbartha cruthaithí.

Cuireann Pobail Ildánacha maoiniú bliantúil ar fáil d'údaráis áitiúla chun pobail a chur i gcroílár dhearadh agus sheachadadh tionscadal cruthaitheach, ag freagairt do na saincheisteanna is tábhachtaí do phobail áitiúla. Léiríonn meastóireacht chuimsitheach ar an gclár, atá le foilsiú sa dara ráithe de 2026, go dtarlaíonn 87% de na tionscadail i gceantair ina bhfuil rochtain theoranta ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha, rud a chuireann deiseanna agus guth ar fáil do dhaoine agus do phobail a d'fhéadfadh a bheith eisiata murach sin.

Tá neart suntasach curtha leis an gcumas atá ag údaráis áitiúla rannpháirtíocht pobail i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha a éascú trí Oifigigh Rannpháirtíochta Pobail Ildánacha (ORPI) a cheapadh. Déantar na poist seo a chómhaoiniú ag Éire Ildánach agus ag na húdaráis áitiúla, rud a léiríonn an luach a chuireann údaráis áitiúla ar rannpháirtíocht phobalbhunaithe. Cinntíonn na hOifigigh Rannpháirtíochta Pobail Ildánacha go léirítear riachtanais áitiúla i ndearadh agus i seachadadh



na gclár, agus tacaíonn siad le comhoibriú éifeachtach ar fud Fhoirne Cultúir agus Cruthaitheachta ildisciplíneacha.

Tacaítear leis an gcur chun feidhme trí Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta éagsúil atá bunaithe i ngach údarás áitiúil, faoi stiúir Stiúrthóra Seirbhíse agus ina bhfuil páirtithe leasmhara ó na healaíona, oidhreacht, leabharlanna, forbairt pobail, aeráid, bithéagsúlacht, turasóireacht, tithíocht, an Ghaeilge, Éire Shláintiúil, Éire Aoisbháúil agus na hOifigí Fiontair Áitiúla. Soláthraíonn na foirne seo fóram gan sárú don chomhoibriú tras-earnálach agus tá siad lárnach sa chaoi a bhfreagraíonn Pobail Ildánacha do riachtanais agus leasanna áitiúla.

Foilseofar meastóireacht ar an gclár Pobail Ildánacha sa dara ráithe de 2026. I measc na bpríomhthorthaí tá:

- Tá níos mó ná 40% de na tionscadail ag cur le Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae
- Tá 36% díobh ag cur leis an sprioc Áiteanna Iontacha le Maireachtáil, le hObair agus le hInfheistiú iontu
- Tá 24% díobh ag cur le Pobail Athléimneacha
- Tá 50% de na tionscadail uile dírithe ar phobail nach gcloistear a nguth go minic

**Pobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte**

In 2025, cuireadh an chéad tionscnamh Pobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte (2023–2025) i gcrích. Fuair an tionscnamh seo infheistíocht €1.5 milliún agus cuireadh sraith tionscadal mórscála i bhfeidhm trí údaráis áitiúla, eagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, agus grúpaí pobail ar fud an oileáin. Ina measc seo bhí Éin an Aonchlúimh agus Dance Connects in Rural Borders, chomh maith le tionscnaimh a bhí fréamhaithe go láidir ina bpobail áitiúla féin, amhail The Ties That Bind, Siúlóidí Feirme, Ag Tógáil Pobail Ildánacha Comhroinnte agus Ag Roinnt Amhrán - Guthanna Dodhearmadta.

Léirigh **meastóireachtaí** gur chothaigh na tionscadail seo naisc chruthaitheacha agus shóisialta bhuan, agus leag rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann le spásanna sábháilte, inrochtana agus síochánta chun rannpháirtíocht bhríoch, comhthuiscint agus comhoibriú leanúnach a éascú.



Díolaim Ros Comáin, Comhairle Contae Ros Comáin

Seoladh Chruinniú na nÓg, Caisleán Luimnigh, Luimneach




# Óige Ildánach

# Óige Ildánach

**Éire Ildánach i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Óige, an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an Chomhairle Ealaíon.**

In 2025, thacaigh maoiniú €2.4 milliún ón RCCS (lena n-áirítear Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte) le 30 tionscnamh Óige Ildánach, lena n-áirítear ocht gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach, naoi dtionscadal den Chiste Cothaithe agus sé thionscadal Oileáin Chomhroinnte.

### An Plean Óige Ildánach 2023–2027

Is trí chreat comhoibríoch a sheachadtar **An Plean Óige Ildánach 2023–2027**, a chuireann an chruthaitheacht i gcroílár shaol leanaí agus daoine óga, agus a chothaíonn an scil riachtanach seo ar feadh a dturas i dtreo aosachta.

In 2025, bhí bliain machnaimh ann ar an dul chun cinn a rinneadh faoin bPlean go dtí seo. Cuireadh é seo i láthair an rialtais i mí na Bealtaine, agus foilsíodh **Tuarascáil Eatramhach t2023–2025** i mí Iúil ina dhiaidh sin. Léirigh sí rath an Phlean ó 2023 agus leag sí amach an fócas straitéiseach don dá bhliain dheireanacha dá chur chun feidhme. **Seoladh léarscáil inchuardaithe de gach tionscadal scoile go dtí seo ag an Roinn Oideachais agus Óige**.

### Ag nascadh le leanaí agus le daoine óga

Lean Óige Ildánach de theacht i dteagmháil le leanaí agus daoine óga nach gcloistear a nguth go minic. I gcomhpháirt le RLMC agus ROÓ, bunaíodh an t-ochtú **Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach** laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann, ag leathnú deiseanna cuimsitheacha agus spriocdhírithe do rannpháirtíocht chruthaitheach i suíomhanna pobail.

Cuireadh an **Ciste Píolótach um Chothú Óige Ildánach** i gcrích in 2025, agus críochnaíodh é le himeacht ceiliúrtha sa Cheoláras Náisiúnta inar léiríodh na naoi dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh. Ghlac leanaí agus daoine óga ón Lucht Siúil, ón bpobal dídeanaithe agus iarrthóirí cosanta, daoine óga faoi mhíchumas, daoine óga i gcúram nó ag aistriú as cúram, agus daoine óga i seirbhísí meabhairshláinte páirt iontu. Léirigh an mheastóireacht torthaí dearfacha láidre, lena n-áirítear méadú ar fhéinmhuinín agus ar fhéinléiriú, forbairt scileanna inaistrithe, feabhsú ar nasc sóisialta agus muintearas, agus athrú dearfach ar dhearcthaí agus ar thuiscintí.



**839**
Líon na scoileanna / na n-ionad Ógtheagmhála

**954**
Líon na dtionscnamh

**230,991**
Líon na ndaltaí

**Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte**

Trí Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte, tacaíodh le €900,000 do sé thionscadal **Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte** le linn 2024–2025. Chuir na tionscadail seo ar chumas idirghníomhaíochtaí bríocha idir daoine óga ar fud an oileáin trí scríbhneoireacht amhrán, scéalaíocht, amharclannaíocht, paráid, scríbhneoireacht chruthaitheach agus damhsa. Ghlac ionadaithe ó na sé thionscadal páirt inár Chomhdháil Oileáin Chomhroinnte i mí na Samhna 2025.

In 2025 freisin, cuireadh tús le tionscnaimh nua tras-rialtais chun daoine óga a spreagadh. Seoladh an tionscnamh píolótach **Gairmeacha Cruthaitheacha** go hoifigiúil ag imeachtaí de chuid Higher Options agus World Skills san RDS i mí Mheán Fómhair, agus é dírithe ar fheasacht a ardú i measc daoine idir 16–18 bliain d'aois ar na deiseanna gairme sna tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha. Faoi chomhordú Éire Ildánach, thug Gairmeacha Cruthaitheacha gníomhaireachtaí le chéile atá faoi choimirce na Roinne Cultúir, lena n-áirítear an Chomhairle Ealaíon, Fís Éireann agus Coimisiún na Meán.

Ina theannta sin, tá Óige Ildánach, faoi stiúir RBATNE agus páirtithe leasmhara sa bhreisoideachais agus ard-oideachais, ag forbairt coincheap Campas Ildánach i suíomhanna tríú leibhéal. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh *"aidhmeanna, prionsabail agus gnéithe de champas ildánach a shainaithint, i gcomhar le hinstitiúidí breisoideachais agus ardoideachais, na hearnálacha cruthaitheacha agus pobail".* Tacaíodh le rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara seo trí shuirbhé cuimsitheach agus imeacht comhairliúcháin a reáchtáladh in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2025.

Mar chuid de chéim nua an chláir, tá neartú leanúnach ar an mbonn fianaise trí thaighde ina phríomhthosaíocht. I mí na Samhna, bhunaigh Éire Ildánach i gcomhpháirt le RLMC, ROÓ agus an ITES (an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) clár comhpháirteach taighde ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha. Mairfidh an clár seo ó 2025–2027.



Cruinniú na nÓg, Oileán 'Ealaín is ea í!'




Gairmeacha Cruthaitheacha ag imeacht de chuid Higher Options agus WorldSkills, an RDS



Glac 5. Comhairle Contae Dhún na nGall

# Sláinte agus Folláine Chruthaitheach

# Sláinte agus Folláine Chruthaitheach

**Éire Ildánach i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, an FSS, an Chomhairle Ealaíon agus Éire Shláintiúil**

In 2025, infheistíodh €1.35 milliún i maoiniú do Shláinte agus Folláine Chruthaitheach.

**Sláinte agus Folláine Chruthaitheach – comhpháirtíocht beartais**

Tá fianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta ag méadú a léiríonn go bhfuil tionchar dearfach ag rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha ar fholláine, réimse cleachtais ar a dtugtar na hEalaíona agus an tSláinte. Oibríonn colún Sláinte agus Folláine Éire Ildánach i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte, an FSS agus an Chomhairle Ealaíon chun an fhís atá leagtha amach sa chéad **Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach** do na hEalaíona agus don tSláinte a chur i gcrích, is é sin:

*'Go mbeidh rochtain ag daoine atá ina gcónaí in Éirinn ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha mar chuid de thuras sláinte iomlánaíoch ar feadh an tsaoil, ag tacú le torthaí sláinte agus folláine níos fearr agus ag saibhriú an tírdhreacha ealaíne agus cruthaitheachta.'*

Foilsíodh an plean i mí an Mheithimh 2025 agus spreag sé infheistíocht €1.55 milliún, agus tháinig €1.35 milliún de sin ó Éire Ildánach, a fheidhmíonn freisin mar rúnaíocht don Ghrúpa Náisiúnta Ealaíona Cruthaitheacha agus Obair Shláintiúil.



Glac 5. Comhairle Contae Dhún na nGall



An nDúirt Mé Leat Riamh. Comhairlí Contae Chill Dara, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí.

Príomhthorthaí don bhliain 2025 faoin bplean seo ná:

**1. Beartas**

a. Foilsíodh an chéad **Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach do na hEalaíona agus don tSláinte** in 2025, agus tá obair tosaithe cheana féin ar an gcéad phlean ilbhliantúil eile.

b. D'oibrigh Éire go dlúth le Ballstáit eile, leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar thuarascáil an AE **Culture & Health – Time to Act**.

**2. Taighde**

Thug Éire Ildánach maoiniú €111,000 don Staidéar Fadaimseartha Choláiste na Tríonóide ar Aosú (TILDA) chun leanúint dá thaighde ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha ar feadh an tsaoil.

**3. Forbairt Acmhainne**

Tá Éire Ildánach ag maoiniú an chomhoibrithe Clinical Creativity idir Scoil Leighis COBÁC agus Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD) chun oiliúint sna healaíona agus sa tsláinte a fhorbairt do mhic léinn leighis.

**4. Seachadadh**

a. Forbraíodh an chéad chéim eile den **Scéim Folláine an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht** i ndlúthcomhar leis an Lucht Siúil, an FSS agus an Chomhairle Ealaíon, agus é mar aidhm í a leathnú agus a leabú sa FSS mar chur chuige atá fíor-threoraithe ag an Lucht Siúil.

b. D'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon tuarascáil taighde ar ról na nEalaíon agus na Sláinte i Seirbhísí Sóisialta Forordaithe atá maoinithe ag an FSS. Scrúdaíonn an tuarascáil samhlacha féideartha chun na healaíona agus an tsláinte a chomhtháthú agus a scálú ar bhealach inbhuanaithe laistigh den Líonra Uile-Éireann um Fhorordú Sóisialta. Beidh an obair seo lárnach don Ghrúpa Náisiúnta Ealaíona Cruthaitheacha agus Obair Shláintiúil in 2026.

c. Comhmhaoinithe ag Éire Ildánach agus an Roinn Sláinte, lean an scéim **Ceol Beo in Áiseanna Cúraim Sláinte Chónaithe** de thionchar suntasach a sheachadadh do dhaoine scothaosta, le léirithe beo i 79 teach altranais arna n-éascú ag foirne Sláinte agus Folláine i dtrí údarás áitiúil déag, ag cinntiú rannpháirtíocht chultúrtha ardchaighdeáin ar fud limistéar leathan geografach. Chuir **fianaise** ar thionchar an tionscnaimh seo bonn eolais faoi chinneadh leanúint leis an gclár in 2026, ag dearbhú a luacha mar mhúnla bunaithe ar fhianaise chun cúram a fheabhsú trí chruthaitheacht

d. Thug Éire Ildánach €1m (lena n-áirítear €0.25m i maoiniú Oileáin Chomhroinnte) do bhliain bhreise den scéim do 15 tionscadal a forbraíodh i gcomhpháirt idir foirne Éire Ildánach agus Éire Shláintiúil sna húdaráis áitiúla, i gcomhar lena bhfoirne FSS áitiúla. Léiríonn meastóireacht neamhspleách atá le foilsiú i Ráithe 1 2026 torthaí dearfacha láidre ar shláinte agus ar fholláine.

# Aeráid Chruthaitheach



Taispeántas Seomra Boird Cruthaitheach, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

# Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

**Éire Ildánach i gcomhar le Roinn an Taoisigh (Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte) agus an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil**

## In 2025, sheachaid an Ciste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide 19 Tionscadal Spreag, le hinfheistíocht iomlán €2.8 milliún.

In 2025 lean Éire Ildánach de sheachadadh *an Chiste trí bliana um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide II: Gníomhairí an Athraithe (2023–2025),* ar fiú €6.3 milliún é. Thacaigh an ciste seo le cleachtóirí cruthaitheacha agus pobail chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht agus athrú iompair i leith gníomhaithe aeráide trí rannpháirtíocht chruthaitheach.

Thug Céim II den chiste tacaíocht do 23 tionscadal *Splanc* (Spark) (a fuair suas le €50,000) agus 16 thionscadal *Spreag* (Ignite) (a fuair suas le €250,000), i gcomhar leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC). Ina theannta sin, tugadh tacaíocht do thrí thionscadal Spreag trí thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte. Fágann sé sin infheistíocht iomlán €8.5 milliún i 57 tionscadal Gníomhaithe Cruthaitheacha ar son na hAeráide ó bunaíodh an ciste in 2021.

Cuireadh 23 tionscadal *Splanc* i gcrích in 2024 agus cuireadh 19 tionscadal *Spreag* i gcrích in 2025. Seachadadh na tionscadail seo trí raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear údaráis áitiúla, ollscoileanna, eagraíochtaí aeráide, eagraíochtaí cruthaitheacha agus pobail áitiúla, ag tabhairt le chéile raon éagsúil den tsochaí shibhialta chun tionscadail mhealltacha agus spreagúla a chur i bhfeidhm.

Bhí forbairt acmhainne fós ina croíghné den seachadadh in 2025. Thacaigh Éire Ildánach le tionscadail mhaoinithe trí thacaíochtaí struchtúrtha forbartha, ag neartú scileanna i litearthacht beartais aeráide, éascú cruthaitheach, dearadh tionscadail agus meastóireacht, agus ag cothú foghlama agus comhoibrithe tras-earnála le comhpháirtithe lena n-áirítear RAFC agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Sheol ÚFIÉ (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) gradam nua "warming up the boardroom" i gcomhar le hÉire Ildánach.



Turas, Iontaobhas Burrenbeo

# Trína gcumas pobail a mhealladh, a spreagadh agus a ghríosú, feidhmíonn an cultúr agus an chruthaitheacht mar phríomhspreagthóirí i múnlú todhchaí níos inbhuanaithe agus níos ionchuimsithí.

Lean comhpháirtíocht taighde neamhspleách le MaREI (Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Fhuinneamh, Aeráid agus Muir) COC in 2025. Foilsíodh an tuarascáil eatramhach **Athrú Aeráide Cruthaitheach – Tuarascáil Bhliain 1** i mí an Mhárta 2025, ina gcuirtear i láthair torthaí luatha ar ról na n-ealaíon agus an chleachtais chruthaitheach i rannpháirtíocht pobail leis an ngéarchéim aeráide. Ina theannta sin, cuireadh tuarascálacha uile na dtionscadal Splanc i gcrích in 2025, agus foilseofar meastóireachtaí na dtionscadal Spreag in 2026. Tá na tuarascálacha foilsithe ar fáil **anseo** agus is foinse shaibhir inspioráide agus foghlama iad.

D'oibrigh Éire go dlúth le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún Eorpach ar thuarascáil an AE **Athruithe Cruthaitheacha: cultúr a chumhachtú le haghaidh maireachtála inbhuanaithe:** a foilsíodh i mí na Nollag 2025. Leagtar béim sa tuarascáil ar Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide mar mhúnla dea-chleachtais san Eoraip, ag léiriú go bhfuil "an cumas atá ag na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta pobail a spreagadh agus a shlógadh" ina phríomhfhachtóir sa trasdul i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe agus níos ionchuimsithí.

Trí Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte, d'infheistigh Éire Ildánach €1.06 milliún chun trí thionscadal Gníomhaithe Cruthaitheacha ar son na hAeráide a thacú a chuir cur chuige tras-teorann agus foghlama comhroinnte ar fáil maidir le rannpháirtíocht aeráide, ag cumhachtú saoránach chun gníomh bríoch a dhéanamh trí chleachtas cruthaitheach agus cultúrtha. Léirigh na tionscadail seo gur dúshláin uile-oileáin iad téamaí: uiscí agus cóstaí comhroinnte; tacú le seomraí boird ó thuaidh agus ó dheas chun dul i ngleic le hathrú aeráide; agus tacú le pobail néara-éagsúla chun dul i ngleic leis an gclár aeráide. Léiríonn siad gur féidir torthaí níos fearr a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt orthu le chéile.



Divergently Together, OCBÁC




Lantern Walk, Winderland, Maigh Eo

# Tionscail Chruthaitheacha




Digital Catapult, Ionad Digital Twin

# Tionscail Chruthaitheacha

**Éire Ildánach i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Skillnet Ireland, Fís Éireann, Údarás na Gaeltachta, Fiontraíocht Éireann, agus Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann**

## In 2025, cuireadh maoiniú €463,000 ar fáil do Thionscail Chruthaitheacha.

Dírítear i **dTreochlár do Thionscail na Cruthaitheachta Digití** 2024–26 ar thionscail atá dírithe go mór ar dhearadh agus a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu chun nuálaíocht a chothú, iomaíochas a fheabhsú agus deiseanna fostaíochta a chruthú sa todhchaí. Áirítear leis seo dearadh tráchtála, cluichí digiteacha, teicneolaíochtaí tumthacha (AR/VR), agus gníomhaireachtaí cruthaitheacha tráchtála. Tríd an Fóram do Thionscail na Cruthaitheachta Digití, tá an rialtas agus an tionscal ag obair le chéile chun leas a bhaint as acmhainn shoiléir na n-earnálacha seo chun tacú le fostaíocht inbhuanaithe agus athléimneach, fás onnmhairithe agus forbairt réigiúnach. Cuireadh nuashonrú faoi bhráid an rialtais i mí na Nollag 2025 ar dhul chun cinn an Treochláir go dtí seo. Príomhthosaíocht ab ea guth an tionscail a neartú. Tá €463k i maoiniú lárnach curtha ar fáil ag Éire Ildánach chun a chur ar chumas comhlachtaí ionadaíochta ballraíocht a mhéadú, seirbhísí tacaíochta a leathnú do na hearnálacha nua agus atá ag teacht chun cinn, agus a rannpháirtíocht éifeachtach sa Fhóram agus i gcur i bhfeidhm an Treochláir a chinntiú.

D'fhorbair an Fóram creat sonraí chun ranníocaíocht eacnamaíoch na n-earnálacha spriocdhírithe a thomhas. Áirítear leis seo breisluach agus cruthú pá, fostaíocht agus forbairt scileanna; a ról mar chatalaíoch nuálaíochta agus tionchair leathana ar fud éiceachóras na dtionscal cruthaitheach; agus a dtábhacht i leabú na cruthaitheachta mar scil thrasnach ríthábhachtach ar fud an gheilleagair.

Tá Foghrúpa Scileanna ag forbairt tacsanamaíocht scileanna do na tionscail chruthaitheacha, chultúrtha agus dearaidh, ag cothú nasc idir an tionscal agus an tríú leibhéal, agus ag cur chun cinn bealaí gairme sa tionscal cruthaitheach digiteach. Tá Foghrúpa Réigiúnach ag forbairt tionscadal píolótach chun luach na n-earnálacha seo a léiriú d'earnáil Theicneolaíocht an Leighis, agus ag tacú lena n-ionchorprú i bPleananna Fiontraíochta Réigiúnacha nua freisin.




Animotive, UnitedXR, An Bhruiséil




PRISM, Dún Dealgan

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig
www.creativeireland.gov.ie